2025/2351

18.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2351 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Samhain 2025

lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach maidir le hallmhairí eilimintí fearó-chóimhiotalaithe áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 ([2]), agus go háirithe Airteagal 13 de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([3]), agus go háirithe Airteagail 112 agus 113(3), an dara mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 19 Nollaig 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') fógra tionscnaimh maidir le himscrúdú coimirce a bhaineann le hallmhairí sileacain agus eilimintí cóimhiotalaithe mangainéisbhunaithe ([4]).

(2) Tionscnaíodh an t-imscrúdú tar éis iarraidh a fháil ó thrí Bhallstát (an Fhrainc, an Pholainn agus an tSlóvaic, le tacaíocht ón Spáinn). Léiríodh san anailís ar an iarraidh go bhfuil an treocht atá ag dul i méid maidir le hallmhairí sileacain agus eilimintí cóimhiotalaithe mangainéisbhunaithe agus na dálaí ina dtarlaíonn siad ina gcúis le mórdhíobháil do thionscal an Aontais nó go mbagraíonn siad a bheith ina gcúis le mórdhíobháil.

(3) Chun an fhaisnéis is gá a fháil chun measúnú domhain a dhéanamh, d'fhoilsigh an Coimisiún ceistneoirí le haghaidh tháirgeoirí an Aontais, onnmhaireoirí, allmhaireoirí agus úsáideoirí an táirge faoi imscrúdú an 19 Nollaig 2024 agus d'iarr sé ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh roimh an 17 Eanáir 2025. An 9 Eanáir 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún an leagan neamhrúnda den iarratas ina raibh príomhstaitisticí allmhairiúcháin agus táscairí díobhála a bhí ar fáil.

(4) Fuair an Coimisiún 106 fhreagra ar an gceistneoir agus 61 aighneacht saor in aisce ag céim an tionscnaimh agus le linn na céime frisnéise ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, onnmhaireoirí, allmhaireoirí, úsáideoirí, comhlachais agus údaráis tríú tíortha, agus thionóil sé éisteachtaí le 22 pháirtí leasmhara.

(5) Rinne an Coimisiún fíorú críochnúil ar an bhfaisnéis a sholáthair táirgeoirí de chuid an Aontais. Chuige sin, roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais le haghaidh fíorú ar an láthair bunaithe ar a méid táirgeachta de tháirgí comhchosúla nó de tháirgí atá in iomaíocht dhíreach le linn na tréimhse lena mbaineann agus ar a suíomh geografach san Aontas. Is é atá sna trí tháirgeoir roghnaithe agus 85 % de tháirgeacht iomlán an Aontais agus tá siad lonnaithe sa Fhrainc, sa tSlóvaic agus sa Pholainn.

([1]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/2017-05-19.

([3]) An Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch - Ionstraim Chríochnaitheach - Dearbhuithe Comhpháirteacha - Dearbhuithe ó Rialtais Bhallstáit an Chomhphobail agus Stáit CSTE - Socruithe - Miontuairiscí Comhaontaithe - Dearbhuithe ó Pháirtí Conarthach amháin nó ó roinnt Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lgh. 3–522, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

([4]) Fógra tionscnaimh maidir le himscrúdú coimirce a bhaineann le hallmhairí eilimintí cóimhiotalaithe mangainéis-bhunaithe agus sileacan-bhunaithe; C/2024/9248; IO C, C/2024/7541, 19.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7541/oj.

(6) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nár nocht an Coimisiún an fhianaise ar a raibh tionscnamh an imscrúdaithe coimirce bunaithe ar bhealach leordhóthanach agus tráthúil. Maíodh nach raibh cead ag páirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú go hiomlán toisc nach ndearna siad é sin.

(7) Murab ionann agus na maímh sin, áiríodh san iarratas na sonraí fíor-riachtanacha uile maidir leis an méadú ar allmhairí. Thairis sin, mheas an Coimisiún, ina theannta sin, go ndearnadh achoimre leordhóthanach ar na príomhghnéithe agus ar an bhfianaise a bhí ar fáil san fhógra tionscnaimh a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus san fhógra faoin imscrúdú do EDT de bhun Airteagal 12.1(a) de Chomhaontú EDT maidir le Coimirciú.

(8) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur chomhlíon sé a oibleagáidí dlíthiúla chun cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara a chosaint go leordhóthanach. Thairis sin, de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2015/478 agus Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2015/755, tugadh éisteacht den sórt sin do gach páirtí leasmhar a d'iarr éisteacht laistigh den teorainn ama a socraíodh agus tugadh deis bhreise dóibh a mbarúlacha a chur isteach le linn na céime frisnéise. Agus a thorthaí cinntitheacha á mbaint amach aige, rinne an Coimisiún breithniú cuí ar na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara uile isteach laistigh de na sprioc-amanna, i scríbhinn nó ó bhéal le linn na seisiún éisteachta, agus chuir sé na barúlacha sin san áireamh.

1.2. **Neamh-fhorchur an bhirt shealadaigh**

(9) An 18 Iúil 2025, sheol an Coimisiún togra chun breithniú a dhéanamh ar fhorchur birt shealadaigh. Mar thoradh ar an bplé laistigh den Choiste um Choimirce, áfach, chinn an Coimisiún gan beart coimirce sealadach a fhorchur ach leanúint leis an imscrúdú.

(10) An 18 Iúil 2025, tar éis don Choimisiún réamhchinneadh a dhéanamh, agus i gcomhréir le hAirteagal 113(1) den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE), thug sé fógra do Chomhchoiste LEE go raibh údar le beart coimirce faoi Airteagal 112 de Chomhaontú LEE. Tionóladh cruinniú de Chomhchoiste LEE an 24 Iúil 2025, inar pléadh an fógra faoin réamhchinneadh maidir le hallmhairí eilimintí fearó-chóimhiotalaithe áirithe. An 8 Lúnasa 2025, sheol Stáit CSTE LEE freagra ar fhógra an Choimisiúin chuig Comhchoiste LEE. An 21 Lúnasa 2025, chuir an Coimisiún Comhchoiste LEE ar an eolas go raibh sé ar intinn aige gan beart sealadach a fhorchur agus leanúint den imscrúdú. An 19 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún Comhchoiste LEE ar an eolas maidir le stádas an imscrúdaithe. An 10 Deireadh Fómhair 2025, thug an Coimisiún fógra do Chomhchoiste LEE i gcomhréir le hAirteagal 113(1) de Chomhaontú LEE go raibh údar le beart coimirce faoi Airteagal 112 de Chomhaontú LEE.

1.3. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(11) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Lean an Coimisiún dá imscrúdú maidir le leas an Aontais agus rinne sé anailís ar staid thionscal na n-úsáideoirí.

(12) Chun an fhaisnéis is déanaí a fháil chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, an 4 Lúnasa 2025, d'iarr an Coimisiún ar an gcomhlachas a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí an Aontais ceistneoir forlíontach nuashonraithe a chur isteach lena gcumhdófaí an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, 'an tréimhse is déanaí' nó 'TID'.

(13) An 16 Meán Fómhair 2025, cuireadh síneadh 2 mhí leis an imscrúdú agus foilsíodh fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]).

([5]) Fógra lena gcuirtear síneadh le teorainn ama an imscrúdaithe coimirce atá ar siúl faoi láthair a bhaineann le hallmhairí eilimintí cóimhiotalaithe mangainéis-bhunaithe agus sileacan-bhunaithe; C/2025/6211; IO C, C/2025/5015, 16.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5015/oj.

2. AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS TÁIRGÍ COMHCHOSÚLA NÓ TÁIRGÍ ATÁ IN IOMAÍOCHT DHÍREACH

(14) Is é an táirge lena mbaineann mar a shainmhínítear san fhógra tionscnaimh sileacan agus cóimhiotail mhangainéise-bhunaithe, mar sin (i) sileacan, (ii) fearómangainéis, (iii) fearósileacain, (iv) fearó-sileacómanganéis, (v) fearó-sileacónmaignéisiam agus (vi) sileacan cailciam.

(15) Chinn an Coimisiún go bhfuil gach cineál sileacain agus cóimhiotail mhangainéise-bhunaithe arna dtáirgeadh ag táirgeoirí de chuid an Aontais, dá ngairtear 'an táirge comhchosúil' cosúil leis an táirge lena mbaineann nó go bhfuil siad in iomaíocht dhíreach leis an táirge lena mbaineann. Tá na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag na táirgí intíre agus allmhairithe araon. Freastalaíonn siad ar chuspóirí comhionanna agus tairgtear iad trí bhealaí díolacháin comhchosúla, nó comhionanna, do chustaiméirí a d'fhéadfadh iad a fháil ó sholáthróirí intíre agus eachtracha araon. Dá réir sin, tá leibhéal mór iomaíochta ann idir an táirge lena mbaineann agus an táirge a tháirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais.

(16) Tar éis an tionscnaimh, mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nach ann d'aon táirge aonair amháin lena mbaineann ach roinnt táirgí lena mbaineann. Dá bhrí sin, cheistigh siad an anailís dhomhanda ar na treochtaí allmhairiúcháin agus na táscairí díobhála ábhartha le chéile le haghaidh gach cineál táirge atá faoi imscrúdú. D'áitigh na páirtithe gur cheart idirdhealú a dhéanamh san anailís idir sileacan agus cóimhiotail mhangainéise-bhunaithe, go háirithe mar gheall ar na céimeanna éagsúla idirmhalartachta.

(17) Mar fhreagairt ar na maímh sin, rinne an Coimisiún anailís bhreise bunaithe ar fhreagraí na dtáirgeoirí de chuid an Aontais ar an gceistneoir agus lorg sé faisnéis bhreise le linn na gcuairteanna fíorúcháin chun a chinneadh an bhfuil idirghaol, idirmhalartacht agus iomaíocht ann i measc na gcineálacha éagsúla táirgí ([6]). Tá cosúlachtaí móra ag na cineálacha éagsúla sileacain agus cóimhiotail mhangainéise-bhunaithe ina dteicnící táirgthe agus ina bhfeidhmeanna tionsclaíocha ([7]) . Mar shampla, tá róil fhorluiteacha ag fearósileacain, fearómangainéis agus fearó-sileacómanganéis i ndéanamh cruach. Tá siad nasctha go príomha trína bhfeidhm mar dhíocsaídeoirí, rud a fheabhsaíonn cáilíocht agus airíonna an táirge chóimhiotalaithe deiridh. Ina theannta sin, tá amhábhair choiteanna acu, is iad sin iarann, sileacan agus mangainéis. Sa tionscal cruach, is minic a úsáidtear fearómangainéis agus fearó-sileacómanganéis go hidirmhalartach. Le grád sonrach cruach, nuair a éilítear mangainéis agus sileacan araon, is féidir fearó-sileacómanganéis a chur in ionad fearómangainéis. Is minic a chomhcheanglaíonn táirgeoirí cruach na cóimhiotail sin chun airíonna ceimiceacha sonracha a bhaint amach i gcruach, agus feidhmíocht agus costas araon á mbarrfheabhsú acu. Tá róil fhorluiteacha ag sileacan cailciam agus ag fearó-chóimhiotail éagsúla ach níl siad go hiomlán inmhalartaithe in oibríochtaí déanta cruach agus teilgcheárta. Cé go n-úsáidtear na hábhair sin go léir chun airíonna miotail leáite a mhodhnú nó a fheabhsú, tá difríocht mhór idir a saintréithe ceimiceacha agus a bhfeidhmeanna miotalóireachta, rud a chuireann teorainn lena gcumas ionadú díreach a dhéanamh ar a chéile.

(18) A mhéid a bhaineann le sileacan, tá forluí áirithe idir na fearó-chóimhiotail agus an sileacan. Mar sin féin, tá tionscal an alúmanaim fabhrach go príomha do shileacan íon mar gheall ar a chomhoiriúnacht le hairíonna alúmanaim, agus ní úsáidtear fearósileacain ach amháin i bhfeidhmeanna nideoige nó alúmanaim thánaistigh i gcás ina bhfuil cion áirithe iarainn inghlactha nó riachtanach. Is oibreáin chóimhiotalaithe iad fearó-chóimhiotail a chuirtear isteach i méideanna beaga chun airíonna cruach a fheabhsú agus is mion-chomhpháirt chostais iad sa táirge cruach. Ar an taobh eile, is bun-amhábhar é sileacan a úsáidtear go príomha sa tionscal alúmanaim, ach i dtionscal na gceimiceán freisin**,** go háirithe chun sileacóin a mhonarú.

(19) Ina theannta sin, tá costas táirgthe sileacain i bhfad níos airde (le níos mó ná 60 % ar an meán) ná an costas a bhaineann le fearó-chóimhiotail. Léirítear an t-idirdhealú freisin san aicmiú faoin gCóras Comhchuibhithe (CC). Aicmítear sileacan faoi Chaibidil 28 d'Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) CC/AE, agus aicmítear fearó-chóimhiotail faoi Chaibidil 72. Dá bhrí sin, tá an inionadaitheacht idir sileacan agus fearó-chóimhiotail teoranta agus dá bhrí sin thángthas ar an gconclúid nach bhfuil sileacan in iomaíocht dhíreach leis na fearó-chóimhiotail.

([6]) Iarscríbhinn 1 den iarratas — Inmhalartacht idir cineálacha éagsúla táirgí, uimhir chlárúcháin Sherlock: ted25.002049.

([7]) Ferroglobe PLC — forléargas ar an táirge.

(20) I bhfianaise an mhéid thuas, rinne an Coimisiún an táirge lena mbaineann a aicmiú i dtrí ghrúpa ar leith, agus gach ceann acu bunaithe ar an amhábhar príomhúil agus ar a fheidhmeanna beartaithe. Chomh maith leis an anailís fhoriomlán, rinneadh mionscrúdú ar threochtaí allmhairiúcháin le haghaidh gach grúpa táirgí ar leithligh: (a) sileacan, (b) fearó-chóimhiotail, agus (c) sileacan cailciam. Léiríodh sa scrúdú ar allmhairí de réir grúpa gur tháinig méadú ar gach grúpa i ndearbhthéarmaí cé is moite d'allmhairí an ghrúpa sileacain, a d'fhan cobhsaí nó ar tháinig laghdú beag 0.2 % orthu le linn na tréimhse lena mbaineann agus a laghdaigh tuilleadh 2.7 % in TID (féach Tábla 1).

Tábla 1

Allmhairí sileacain.

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Allmhairí sileacain i dtonaí	335 415	326 218	365 278	381 499	336 808	334 861	326 372
innéacs 2019 = 100	*100*	*97*	*109*	*114*	*100*	*100*	*97*

Foinse: EUROSTAT

(21) I bhfianaise an laghdaithe ar allmhairí i ndearbhthéarmaí, rinneadh sileacan a eisiamh ón raon táirge.

(22) Ina theannta sin, rinneadh cailciam-sileacan a eisiamh ón raon táirge mar gheall ar easpa táirgthe an ghrúpa táirgí sin san Aontas, mar a shonraítear i Roinn 7.

(23) Dá bhrí sin, rinneadh an dá ghrúpa táirgí sin a eisiamh ón raon táirge agus rinneadh an anailís don chinneadh deiridh maidir le fearó-chóimhiotail áirithe, an 'táirge lena mbaineann'.

3. TÁIRGEOIRÍ AN AONTAIS

(24) Áiríodh ar tháirgeoirí táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach laistigh den Aontas Ferroglobe, Comilog, OFZ, Realloys, RW Silicium, Xeal, TDR Legure, agus ASK Metallurgy. Tá formhór tháirgeoirí an Aontais ina gcomhaltaí de Chomhlachas tháirgeoirí fearó-chóimhiotal na hEorpa ('Euroalliages'). Seasann an comhlachas tionscail do 97 % de tháirgeadh sileacain agus cóimhiotal mangainéisbhunaithe an Aontais. Tá a gcomhaltaí lonnaithe sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Pholainn, sa tSlóvaic agus sa Spáinn.

(25) Thar ceann a gcomhaltaí, chuir an comhlachas tionscail an Coimisiún ar an eolas go dtacaíonn sé le himscrúdú coimirce a thionscnamh, chomh maith le beart a ghlacadh toisc go bhfuil deacrachtaí eisceachtúla roimh tháirgeoirí an Aontais mar gheall ar bhrú ard allmhairiúcháin mar gheall ar ró-acmhainneacht dhomhanda atá ag dul i méid agus margaí móra eile á dhúnadh mar gheall ar bhearta cosanta trádála.

(26) D'iarr an Coimisiún ar na hocht dtáirgeoir de chuid an Aontais a sainaithníodh san iarratas agus mar a léirítear thuas in aithris (24) freagraí ar an gceistneoir a chur isteach. Thairis sin, an 4 Lúnasa 2025, d'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí an Aontais ceistneoir forlíontach nuashonraithe a chur isteach agus fuair sé freagraí ó Ferroglobe, OFZ, Realloys, Xeal, Comilog agus RW Silicium.

(27) Mar a mhínítear faoi aithrisí 17, 18 agus 19, chinn an Coimisiún nach táirgí iad fearó-chóimhiotail agus sileacan atá in iomaíocht dhíreach le chéile, mar gheall ar dhifríochtaí idir costais táirgthe, a gcur i bhfeidhm agus aicmiú CC. Ar an mbonn sin, sainmhíníodh táirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí atá in iomaíocht dhíreach leo mar tháirgeoirí fearó-chóimhiotal.

(28) Tá seacht dtáirgeoir a tháirgeann táirgí comhchosúla agus táirgí atá in iomaíocht dhíreach san Aontas (Ferroglobe, OFZ, Realloys, Xeal, TDR Legure, Comilog agus ASK Metallurgy), agus chomhlánaigh siad uile an ceistneoir. Mar a luaitear thuas in aithris (5), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais le haghaidh cuairteanna fíorúcháin.

4. **MÉADÚ AR ALLMHAIRÍ**

(29) Bunaithe ar fhaisnéis ó Eurostat, chomh maith le faisnéis a chuir táirgeoirí an Aontais isteach, rinne an Coimisiún anailís ar an méadú ar allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse 2019-2024 ('an tréimhse lena mbaineann') agus bhreithnigh sé treochtaí allmhairiúcháin sa TID freisin. Chinn an Coimisiún tús a chur leis an tréimhse lena mbaineann in 2019 ionas nach gcuirfear isteach ar na torthaí mar gheall ar shuaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh de dheasca phaindéim COVID-19. Chun oibleagáidí an Aontais maidir le hallmhairí ón Úcráin ([8]) agus faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis an gCéinia ([9]) a chomhlíonadh, rinneadh allmhairí ó na tíortha sin a eisiamh ón imscrúdú seo. Níor onnmhairigh an Chéinia an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse lena mbaineann. Dá bhrí sin, i ngach cás ina dhiaidh sin, ní áirítear allmhairí ón Úcráin in allmhairí toisc nach gcumhdaítear na hallmhairí sin leis an mbeart seo.

(30) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí dhíolacháin thionscal an Aontais san Aontas agus na hallmhairí isteach san Aontas a chur le chéile. Fuarthas an fhaisnéis maidir le hallmhairí ó Eurostat.

(31) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann:

Tábla 2

Méid agus praghsanna na n-allmhairí, táirgeadh, tomhaltas agus allmhairí i gcoibhneas le táirgeadh agus tomhaltas.


Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Allmhairí fearó-chóimhiotal i dtonaí	1 142 942	1 018 257	1 373 383	1 324 790	1 414 728	1 331 588	1 296 347
innéacs 2019 = 100	*100*	*89*	*120*	*116*	*124*	*117*	*113*
Praghsanna allmhairiúcháin CAL + MFN EUR/tona	1 067	960	1 215	1 927	1 342	1 184	1 174
innéacs 2019 = 100	*100*	*90*	*114*	*181*	*126*	*111*	*110*
Táirgeadh i dtonaí	616 707	477 006	598 314	415 657	275 573	351 540	309 976
innéacs 2019 = 100	*100*	*77*	*97*	*67*	*45*	*57*	*50*
Allmhairí thar tháirgeadh (cóimheas)	1,85	2,13	2,30	3,19	5,13	3,79	4,18
innéacs 2019 = 100	*100*	*115*	*124*	*172*	*277*	*204*	*226*
Tomhaltas i dtonaí	1 845 132	1 602 735	2 075 077	1 874 156	1 758 562	1 754 412	1 709 235
innéacs 2019 = 100	*100*	*87*	*112*	*102*	*95*	*95*	*93*
Allmhairí thar thomhaltas (cóimheas)	0,62	0,64	0,66	0,71	0,80	0,76	0,76
innéacs 2019 = 100	*100*	*103*	*107*	*114*	*130*	*123*	*122*

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

([8]) Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj.

([9]) Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Céinia, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj.

(32) Ar an iomlán, tháinig méadú 17 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse 2019-2024 agus roinnt luaineachta ann idir na blianta éagsúla. Mar thoradh ar an méadú sin ar allmhairí, tháinig laghdú mór ar tháirgeacht tháirgeoirí an Aontais. Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nach raibh an méadú ar allmhairí mór go leor go háirithe toisc go raibh treocht laghdaitheach ann idir 2023 agus 2024. Cé go raibh allmhairí faoi bhun leibhéal 2023 sa bhliain dheireanach den tréimhse lena mbaineann (2024), tá siad fós ar leibhéil níos airde ná mar a bhí sna blianta roimhe sin (go háirithe 2017 agus 2018, le 1 282 agus 1 267 milliún tona). Agus comparáid á déanamh le TID, tháinig méadú 13 % ar na hallmhairí ó 2019 agus deimhnítear freisin an treocht thuasluaite de leibhéil níos airde allmhairí ná mar a bhí in 2017 agus 2018.



Foinse: EUROSTAT

(33) Sa TID lean na hallmhairí de bheith ag laghdú ar nós in 2024, ach d'fhan allmhairí ard agus níos airde ná buaicphointe stairiúil roimhe sin in 2017. Bhí leibhéal allmhairí bliantúla níos airde in 2021 ná 2022 i bhfianaise an téarnaimh eacnamaíoch tar éis COVID-19 a raibh tomhaltas ard stairiúil mar thoradh air. Mar achoimre, ó 2021, tá allmhairí fós ag leibhéil ardaithe, le luaineachtaí beaga ó bhliain go bliain. Níl an treocht laghdaithe is déanaí géar go leor chun baint ó leanúint de leibhéal méadaithe allmhairí ar an iomlán. Mar fhreagra ar na barúlacha, thug an Coimisiún dá aire freisin nach é an ceanglas dlíthiúil go bhfuil allmhairí 'ag méadú' tráth a dhéantar an cinneadh nó ag deireadh na tréimhse lena mbaineann. Ina ionad sin, is é an ceanglas go bhfuil an táirge 'á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe'. I bhfianaise leibhéil na n-allmhairí sa tréimhse 2021-TID, i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin, agus go bhfuil na luaineachtaí a bhfuil tuairisc orthu laistigh den tréimhse 2021-TID roinnt uaireanta níos lú ó thaobh méide de ná an méadú i gcomparáid leis an gcuid roimhe sin den tréimhse lena mbaineann (2019, 2020), tá údar leis an gconclúid go bhfuil an táirge á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe.

(34) Ina theannta sin, tháinig méadú mór ar allmhairí i ndáil le táirgeacht an Aontais, méadú 104 % idir 2019 agus 2024 agus méadú 126 % i gcomparáid le TID. Tugadh an méadú is mó 105 % faoi deara idir 2022 agus 2023. I dtéarmaí coibhneasta, tháinig laghdú ar allmhairí freisin seachas méadú in 2024 i gcomparáid le 2023. Mar sin féin, d'ainneoin an laghdaithe sin, tá allmhairí coibhneasta in 2024 fós ar leibhéal os cionn leibhéal 2022 agus, dá bhrí sin, ar leibhéal níos airde ná leibhéal na mblianta uile sa tréimhse lena mbaineann, seachas 2023. Dá bhrí sin, i dtéarmaí coibhneasta, d'ainneoin an laghdaithe is déanaí, tá an táirge fós á allmhairiú i gcainníochtaí atá méadaithe go mór. Bheadh gá le meath i bhfad níos láidre chun nach mbeadh sé sin amhlaidh a thuilleadh.

(35) Tháinig méadú 23 % ar allmhairí freisin idir 2019 agus 2024 i ndáil le méadú 23 % ar thomhaltas an Aontais idir 2019 agus 2024 agus méadú 22 % i gcomparáid le TID. Tá laghdú leanúnach ag teacht ar thomhaltas an Aontais, tar éis cúpla bliain luaineachta, ó 2022, rud a fhágann go bhfuil an méadú coibhneasta sin níos feiceálaí.

(36) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil méadú mór tagtha ar allmhairí an táirge lena mbaineann, i ndearbhthéarmaí agus ar bhealach níos soiléire i dtéarmaí coibhneasta. Eascraíonn an chonclúid sin as anailís chuimsitheach ar na sonraí thar thréimhse iomlán an imscrúdaithe, ní hamháin pointí ó cheann go ceann den tréimhse 2019-2024. Treisítear é freisin trí scrúdú a dhéanamh ar na treochtaí ábhartha a tháinig chun cinn le linn na tréimhse sin agus in TID.

5. **FORBAIRTÍ GAN CHOINNE**

(37) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an méadú mór ar allmhairí fearó-chóimhiotail isteach san Aontas ina iarmhairt dhíreach ar fhorbairtí gan choinne, a chruthaíonn ní hamháin míchothromaíochtaí i dtrádáil idirnáisiúnta an táirge lena mbaineann ach a threisíonn iad freisin.

(38) In 2023, measadh gur thart ar 46 mhilliún tona a bhí san acmhainneacht dhomhanda a bhí ann cheana agus ba é 27.6 milliún tona an tomhaltas domhanda. Dá bhrí sin, bhí thart ar 18 milliún tona ró-acmhainneachta ann cheana féin in 2023. Ina theannta sin, meastar go mbeidh 9 milliún tona breise acmhainneachta ar líne sna blianta amach romhainn. Is é atá ann ró-acmhainneacht iomlán amach anseo de thart ar 27 milliún tona a chomhfhreagraíonn do thart ar 16 oiread éileamh iomlán an Aontais ([10]) .

(39) Mar thoradh ar an ró-acmhainneacht dhomhanda sin, tá praghsanna domhanda na bhfearó-chóimhiotal ag dul i laghad cé go bhfuil luaineacht áirithe ann ó 2020 i leith. Mar a mhínítear in aithris (61) thíos, tá tionchar ag an bpraghas a shocraíonn mórthíortha onnmhairiúcháin amhail an tSín agus an India ar phraghsanna fearó-chóimhiotail san Aontas.

(40) Is margadh tarraingteach é margadh an Aontais do tháirgeoirí na tíre is onnmhaireoir mar gheall ar a mhéid agus a leibhéil praghsanna. Is príomh-thomhaltóir cóimhiotal áirithe é an tAontas agus feidhmíonn sé mar mhargadh an-oscailte. Ídíonn sé thart ar 21 % den táirgeadh domhanda, rud a sháraíonn an tSeapáin (12 %), Meiriceá Thuaidh (11 %), agus an Chóiré Theas (8 %). Thairis sin, tá margadh an Aontais tarraingteach don táirge lena mbaineann freisin, go háirithe i dtéarmaí praghsála i gcomparáid le margaí móra eile. De réir na sonraí ([11]) a sholáthair tionscal an Aontais, tá praghsanna san Aontas níos airde go comhsheasmhach ná na praghsanna i margaí eile, amhail an India agus an tSín, cé is moite de na Stáit Aontaithe. Le linn na tréimhse 2023-2024, bhí an meánphraghas a seachadadh san Aontas 35 % ní b'airde ná an meánphraghas sa tSín, agus bhí praghsanna san India, ar an meán, 20 % níos ísle ná praghsanna an Aontais.

(41) Nuair a bhíonn ró-acmhainneacht ar scála domhanda, bíonn ar tháirgeoirí aghaidh a thabhairt ar rósholáthar a fhéachann siad a dhí-ualú i margaí inar féidir leo praghsanna níos airde a bhaint amach. Mar thoradh ar a phraghsanna níos airde, tháinig an tAontas chun bheith ina cheann scríbe tarraingteach don táirge barrachais sin.

(42) Tá an éifeacht thuas tar éis dul in olcas mar gheall ar chleachtais shriantacha trádála i margaí tríú tíortha. Le blianta beaga anuas, tá beartais trádála agus ionstraimí cosanta trádála á n-úsáid níos mó agus níos mó ag go leor tíortha chun táirgeoirí intíre a chosaint. Tá bearta cosanta trádála nua agus ar cuireadh síneadh leo le déanaí a fhorchuirtear ar thionscnaimh ó na honnmhaireoirí is tábhachtaí isteach san Aontas liostaithe san fhonóta ([12]). Is é méid iomlán na n-allmhairí lena mbaineann na bearta sin thart ar 168 000 tona, is é sin 48 % de tháirgeacht iomlán an Aontais in 2024.

(43) D'fhorchuir na Stáit Aontaithe na bearta is déanaí de na bearta sin i mí an Mhárta 2025 ar allmhairí fearó-sileacain ón mBrasaíl, ón gCasacstáin agus ón Malaeisia ([13]) . Le linn na tréimhse lena mbaineann, bhí na tíortha sin i measc na n-allmhaireoirí fearósileacain is mó isteach san Aontas freisin, agus le dúnadh mhargadh fearósileacain na Stát Aontaithe ó na tionscnaimh sin, féadfar 73 000 tona breise a atreorú chuig margadh an Aontais. Is é atá san atreorú sin 21 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge lena mbaineann in 2024, rud a dhéanfadh díobháil bhreise do tháirgeoirí an Aontais agus a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú breise ar an sciar den mhargadh.

([10]) WoodMackenzie, iarraidh ó Euroalliages, Iarscríbhinn 5.

([11]) Grúpa CRU.

([12]) Beart frithdhumpála Mheicsiceo 2023 in aghaidh na hIndia maidir le FeMn, beart frithdhumpála Mheicsiceo 2016 in aghaidh na hIndia maidir le FeSiMn, beart frithdhumpála 2023 na Cóiré Theas in aghaidh na hIndia maidir le FeSiMn, Beart frithdhumpála 2020 na hÉigipte in aghaidh na hIndia maidir le FeSi, beart frithdhumpála 2023 na Rúise in aghaidh na Seoirsia maidir le FeSiMn.

([13]) Clár Cónaidhme na Stát Aontaithe 90 FR 14075, 90 FR 14077, 90 FR 14105, 90 FR 14108, 90 FR 14112, 90 FR 14114.

(44) Ina theannta sin, tá taraifí cómhalartacha, mar a thugtar orthu, tugtha isteach ag rialtas na Stát Aontaithe ar leibhéil éagsúla ar allmhairí óna chomhpháirtithe trádála. A mhéid a bhaineann le hallmhairí ón Aontas, cuireann sé uastaraif uilechuimsitheach 15 % i bhfeidhm le haghaidh táirgí atá faoi réir taraifí cómhalartacha, lena n-áirítear fearó-chóimhiotail áirithe.

(45) I bhfianaise na n-imthosca sin, deimhnítear nach amháin go bhfuil méadú mór ar allmhairí fearó-chóimhiotal isteach san Aontas mar thoradh ar na forbairtí gan choinne, go háirithe an ró-acmhainneacht dhomhanda, bearta cosanta trádála tríú tíortha agus méaduithe foriomlána ar tharaifí, go háirithe sna Stáit Aontaithe, ach go leanfaidh siad de bheith ag spreagadh an mhéadaithe sin freisin.

6. **OIBLEAGÁIDÍ A RAIBH MÉADÚ AR ALLMHAIRÍ MAR THORADH ORTHU**

(46) Tá roinnt línte taraife sa táirge lena mbaineann, agus maidir leis na línte taraife sin go léir, mar thoradh ar lamháltais taraife a rinneadh i mbabhtaí caibidlíochta iltaobhacha trádála roimhe seo, tá na gealltanais taraife ([14]) seo a leanas ag an Aontas Eorpach:

7202 11	2,7 % *ad valorem*
7202 19	2,7 % *ad valorem*
7202 21	5,7 % *ad valorem*
7202 29	5,7 % *ad valorem*
7202 30	3,7 % *ad valorem*
7202 99 30	2,7 % *ad valorem*

(47) Tá na lamháltais sin inscríofa, tráth an chinnidh, i gCuid I, Roinn II de Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá deimhnithe mar Sceideal AE CLXXIII — an tAontas Eorpach an 1 Nollaig 2016 ([15]), arna leasú.

(48) Mar thoradh ar na lamháltais sin atá inscríofa i Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CGTT agus a ionchorpraítear de bhun Airteagal II:7 de CGTT 1994 agus mar thoradh ar chodanna eile de CGTT 1994, tá oibleagáidí tabhaithe ag an Aontas Eorpach faoi CGTT 1994, go háirithe mar a leanas: Airteagal XI:1, lena dtoirmisctear srianta neamhtharaife ar allmhairiú na dtáirgí thuasluaite, agus, go tábhachtach, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994. Faoi Airteagal II:1(b), an chéad abairt, ní cheadaítear don Aontas, in éagmais eisceacht infheidhme, gnáthdhleachtanna custaim a fhorchur ar an táirge i gceist de bhreis ar na cinn a leagtar amach agus a fhoráiltear sa chuid ábhartha de Sceideal Lamháltas agus Ceangaltas an Aontais, i.e. an ráta a luaitear thuas i gcás gach ceann de na línte taraife a chumhdaítear. Thairis sin, bhí taraif allmhairiúcháin an Aontais a cuireadh i bhfeidhm ar an táirge lena mbaineann, ar a dtugtar taraifí an náisiúin barrfhabhair freisin, tráth an imscrúdaithe, ar na huasleibhéil a cheadaítear faoi na gealltanais taraife a léirítear thuas.

(49) Bhí an táirge lena mbaineann á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe mar thoradh ar na hoibleagáidí thuas a gabhadh de láimh faoi CGTT 1994 (Airteagal XI:1, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994), toisc gur fheabhsaigh na hoibleagáidí sin, in éineacht leis na lamháltais taraife a rinne an tAontas Eorpach sna babhtaí comhleanúnacha de chaibidlíocht iltaobhach trádála, agus gur dhaingnigh siad na coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais Eorpaigh. Mar thoradh ar ghealltanais taraife thuasluaite an Aontais Eorpaigh, tháinig méadú ar allmhairí agus níor tugadh aon deis don Aontas gnáthdhleachtanna custaim a mhéadú in ionad beart coimirce a thabhairt isteach. Mínítear leis sin ag an am céanna an chaoi ar tháinig méadú ar allmhairí is cúis le mórdhíobháil mar thoradh ar na hoibleagáidí atá i gceist.

(50) Na hoibleagáidí CGTT a sonraíodh, chuir siad cosc ar an Aontas an tráth céanna na dleachtanna allmhairiúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar an táirge atá i gceist a mhéadú. Dá bhrí sin, ba iad sin 'oibleagáidí an Aontais Eorpaigh faoi CGTT 1994 [a chuir] srian ar a chumas díobháil ó mhéadú ar allmhairí a chosc nó a leigheas'. I gcomhthráth, chuir/cuireann an tAontas Eorpach 'na hoibleagáidí sin ar fionraí mar gheall' ar a bheart coimirce.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2522 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj.

([15]) Doiciméad EDT, WT/Let/1220.

7. **MÓRDHÍOBHÁIL**

7.1. **Staid tháirgeoirí an Aontais**

(51) Chun a chinneadh an bhfuil fianaise ann go ndearnadh mórdhíobháil do tháirgeoirí an táirge lena mbaineann san Aontas, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán 2015/478 agus le hAirteagal 6 de Rialachán 2015/755, ar na treochtaí maidir le tomhaltas, táirgeacht, úsáid acmhainneachta, díolacháin, sciar den mhargadh, praghsanna, brabúsacht, stoic, toradh ar chaipiteal arna úsáid (TCAÚ), sreabhadh airgid agus fostaíocht don táirge lena mbaineann le haghaidh na mblianta 2019 go 2024.

(52) Rinneadh an anailís sin ar fud an domhain agus béim á leagan ar fhorbairt na n-allmhairí. Mar a luaitear i Roinn 2, rinneadh sileacan a eisiamh ón raon táirge. Maidir le sileacan cailciam, léiríodh leis an imscrúdú gur tháirg dhá tháirgeoir san Aontas sileacan cailciam ag tús na tréimhse lena mbaineann, ach gur tháinig deireadh leis an táirgeadh in 2023. Le linn an fhíoraithe, níor thug táirgeoirí le fios go gcuirfí tús arís le haon táirgeacht mhór go luath amach anseo. I bhfianaise na heaspa táirgeachta san Aontas, rinneadh sileacan cailciam a eisiamh ón raon táirge. Dá bhrí sin, agus mar a mhínítear i Roinn 2, sainmhínítear an raon táirge mar fhearó-chóimhiotail agus déantar an anailís bhreise ar an mbonn sin.

(53) An 4 Lúnasa 2025, d'iarr an Coimisiún ar tháirgeoirí an Aontais sonraí breise a sholáthar le haghaidh na chéad 6 mhí de 2025, chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar an staid tar éis na tréimhse lena mbaineann, arb é a bhí ann na blianta 2019-2024.

(54) Nuair a bhreathnaítear ar an staid fhoriomlán, tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais, ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais agus ar an sciar comhfhreagrach den mhargadh mar a leanas:

Tábla 3

Tomhaltas an Aontais, díolacháin intíre agus an sciar den mhargadh intíre.

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Tomhaltas i dtonaí	1 845 132	1 602 735	2 075 077	1 874 156	1 758 562	1 754 412	1 709 235
innéacs 2019 = 100	*100*	*87*	*112*	*102*	*95*	*95*	*93*
Díolacháin intíre i dtonaí	702 190	584 478	701 694	549 366	343 835	422 825	412 889
innéacs 2019 = 100	*100*	*83*	*100*	*78*	*49*	*60*	*59*
Sciar den mhargadh intíre	38 %	36 %	34 %	29 %	20 %	24 %	24 %

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

(55) Cé gur luainigh tomhaltas an Aontais sa chéad leath den tréimhse lena mbaineann, tá sé ag dul i laghad ó shin i leith. Tháinig laghdú 41 % ar dhíolacháin intíre tháirgeoirí an Aontais idir 2019 agus TID, rud a d'fhág gur cailleadh sciar 14 % den mhargadh. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 13 % ar allmhairí i ndearbhthéarmaí. Tháinig laghdú mór ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse lena mbaineann agus níor théarnaigh sé ach beagán in 2024 nuair a bhí tionscal an Aontais ag díol ar chaillteanas chun dul in iomaíocht leis na hallmhairí méadaithe ar phraghsanna ísle.

(56) Ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí an Aontais, is mar seo a leanas a d'fhorbair táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta.

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Táirgeadh i dtonaí	616 707	477 006	598 314	415 657	275 573	351 540	309 976
innéacs 2019 = 100	*100*	*77*	*97*	*67*	*45*	*57*	*50*
Acmhainneacht táirgeachta i dtonaí	1 102 794	1 041 422	1 053 615	1 006 108	1 028 989	947 203	892 526
innéacs 2019 = 100	*100*	*94*	*96*	*91*	*93*	*86*	*81*
Úsáid acmhainneachta	56 %	46 %	57 %	41 %	27 %	37 %	35 %

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(57) Tháinig laghdú 19 % ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse 2019-TID, agus tháinig laghdú 50 % ar tháirgeacht an Aontais le linn na tréimhse céanna. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an ráta úsáide acmhainneachta freisin ó 56 % go 35 %. Tháinig téarnamh beag ar an táirgeadh in 2024 ach bhí sí fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin, cé is moite de 2023. Sa TID, tháinig laghdú ar an táirgeadh arís.

(58) Ar bhonn shonraí EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí an Aontais, is mar seo a leanas a d'fhorbair praghsanna allmhairiúcháin, praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais, difríochtaí praghsanna, costas táirgthe agus brabúsacht:

Tábla 5

Praghsanna allmhairiúcháin, praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais, difríochtaí praghsanna, costas táirgthe agus brabúsacht.

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Praghsanna allmhairiúcháin CAL + MFN EUR/tona	1 067	960	1 215	1 927	1 342	1 184	1 174
innéacs 2019 = 100	*100*	*90*	*114*	*181*	*126*	*111*	*110*
Praghas díola tháirgeoirí an Aontais EUR/tona	1 011	937	1 457	2 233	1 486	1 295	1 230
innéacs 2019 = 100	*100*	*93*	*144*	*221*	*147*	*128*	*122*
Difríocht phraghais	- 6 %	- 3 %	17 %	14 %	10 %	9 %	5 %
Costas an táirgthe EUR/tona	1 112	1 043	1 354	2 145	1 633	1 449	1 482
innéacs 2019 = 100	*100*	*94*	*122*	*193*	*147*	*130*	*133*
Brabúsacht (% láimhdeachas)	- 10 %	- 11 %	7 %	4 %	- 7 %	- 12 %	- 20 %

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

(59) Mar thoradh ar mhéadú mór ar allmhairí, tá brú anuas leanúnach ar phraghsanna díola an Aontais. Mar thoradh air sin, bhí difríocht mhór sa phraghas suas le 17 % in 2021 agus lean sé ar aghaidh le linn na tréimhse lena mbaineann, rud a rinne dochar do bhrabúsacht thionscal an Aontais.

(60) Bhí táirgeoirí an Aontais thíos le caillteanais 10 % agus 11 % in 2019 agus 2020, faoi seach. Sa bhliain téarnaimh 2021 (tar éis COVID-19), shroich brabúis 7 % ach in 2022 tháinig laghdú orthu go 4 %, agus ina dhiaidh sin caillteanais 7 % in 2023 agus caillteanais 12 % in 2024, nuair a rinneadh allmhairí ar phraghsanna faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais. Tháinig meath ar an treocht in TID, nuair a shroich caillteanais 20 %.

(61) Ó 2021 i leith, i bhfianaise na bpraghsanna ísle allmhairiúcháin, rinneadh praghsanna tháirgeoirí an Aontais a shochtadh. Mar gheall ar an mbrú praghsanna sin, ní fhéadfadh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a mhéadú chun a gcostais a chumhdach, rud a d'fhág go raibh caillteanais mhóra ann. Go deimhin, tá praghsanna fearó-chóimhiotail an Aontais, mar thráchtearra a thrádáiltear ar fud an domhain, bunaithe ar innéacs CRU (Aonad Taighde Tráchtearraí). Chun figiúr a bhunú le haghaidh innéacs CRU, breithnítear roinnt fachtóirí, a bhaineann go príomha le soláthar agus éileamh an tráchtearra sin ar fud an domhain ([16]). Imríonn tíortha onnmhairiúcháin a bhfuil láithreacht mhór táirgthe agus onnmhairiúcháin acu tionchar socraithe praghsanna ar innéacsanna praghsanna ([17]) a úsáidtear go ginearálta ar an margadh le haghaidh caibidlíocht conarthaí díolacháin san Aontas. Sa mhargadh domhanda fearó-chóimhiotal, is iad an tSín agus an India fós a shocraíonn praghsanna domhanda ceannasacha, go príomha mar gheall ar a méid táirgeachta agus a n-acmhainneacht agus cúlchistí móra amhábhar criticiúil is gá chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Ós rud é go bhfuil acmhainneacht táirgeachta tháirgeoirí an Aontais i bhfad níos lú ná acmhainneacht táirgeachta na dtíortha sin, tá cumas teoranta ag táirgeoirí an Aontais tionchar a imirt ar phraghsanna fearó-chóimhiotail an Aontais. Dá bhrí sin, cuireann praghsanna tagarmhairc a shocraítear san Áise de ghnáth iallach ar tháirgeoirí an Aontais glacadh le téarmaí praghsanna arna socrú ag táirgeoirí móra, rud a chuireann cosc orthu a bpraghsanna a mhéadú.

(62) Ar bhonn freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí an Aontais, is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar shreabhadh airgid, ar thoradh ar chaipiteal a úsáidtear, ar stoic agus ar fhostaíocht:

Tábla 6

Sreabhadh airgid, toradh ar chaipiteal a úsáidtear agus stoic.

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Sreabhadh Airgid (míle EUR)	- 21 616	8 100	40 278	94 206	27 558	- 34 678	- 37 255
Toradh ar chaipiteal arna úsáid (%)	- 1,6 %	- 1,1 %	2,3 %	5,0 %	1,1 %	0,0 %	- 0,3 %
Stoic (tonaí)	69 373	47 198	55 861	37 349	47 175	45 120	40 149
innéacs 2019 = 100	*100*	*68*	*81*	*54*	*68*	*65*	*58*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(63) Le linn na tréimhse ó 2019 go dtí TID, bhí ar tháirgeoirí an Aontais dul i ngleic le díolacháin laghdaitheacha (Tábla 3), agus thabhaigh siad caillteanais (Tábla 5) mar gheall ar allmhairí méadaithe. Le linn na tréimhse lena mbaineann, lean sreabhadh airgid agus toradh ar chaipiteal a úsáideadh treocht chomhchosúil, ag luainiú go mór ach ag filleadh ar luach diúltach sa TID. Tháinig laghdú ar stoic freisin sa tréimhse lena mbaineann.

([16]) Praghsanna CRU — fearó-chóimhiotail i mBULC — Treoir maidir le Modheolaíocht agus Sainmhínithe.

([17]) Innéacs CRU (Aonad Taighde na dTráchtearraí): Foilsíonn CRU innéacsanna praghsanna tagarmhairc le haghaidh tráchtearraí éagsúla, lena n-áirítear fearó-chóimhiotail, a úsáidtear le haghaidh praghsáil conartha agus luacháil margaidh. Grúpa CRU: Baile - Grúpa CRU; Iarscríbhinn 17 den iarratas.

Tábla 7

Fostaíocht.

Bliain	2019	2020	2021	2022	2023	2024	TID
Fostaíocht	2 252	2 077	1 977	1 866	1 686	1 819	1 705
innéacs 2019 = 100	*100*	*92*	*88*	*83*	*75*	*81*	*76*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(64) Le linn na tréimhse lena mbaineann, baineadh cor coise mór as táirgeoirí an Aontais, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 19 % ar phoist. I gcomparáid le TID, is laghdú 24 % é sin i gcomparáid le bonnbhliain 2019.

7.2. **Conclúid**

(65) I bhfianaise a bhfuil thuas, thángthas ar an gconclúid go bhfuil mórdhíobháil á déanamh do tháirgeoirí an Aontais mar a léirítear go háirithe le laghdú ar tháirgeadh, díolacháin, sciar den mhargadh, fostaíocht, sochtadh mór praghsanna agus caillteanais shubstaintiúla le linn na tréimhse lena mbaineann. Deimhníodh leis na sonraí is déanaí freisin go bhfuil an staid ag dul in olcas sa TID.

8. **CÚISÍOCHT**

(66) Scrúdaigh an Coimisiún an raibh na hallmhairí méadaithe ina gcúis le mórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh fachtóirí aitheanta eile díobháil a dhéanamh do tháirgeoirí an Aontais an tráth céanna chun amhras a chaitheamh ar nasc cúisíoch a bheith ann idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, arbh iad tosca eile seachas allmhairí ba chúis léi, i leith na n-allmhairí méadaithe. Is iad na tosca sin an méadú ar an gcostas táirgthe mar gheall ar phraghsanna arda fuinnimh, feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais, agus allmhairí ón Úcráin agus ón gCéinia. Mar a luaitear faoi Roinn 4, níor onnmhairigh an Chéinia an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse lena mbaineann.

8.1. **Allmhairí méadaithe**

(67) Meabhraítear go bhfuil an táirge a tháirgeann táirgeoirí an Aontais cosúil leis an táirge lena mbaineann nó in iomaíocht dhíreach leis. Tá na buntréithe céanna aige, na húsáidí céanna agus díoltar é trí bhealaí díolacháin comhchosúla nó comhionanna.

(68) Mar a luaitear thuas i Roinn 4, tháinig méadú mór ar mhéid iomlán na n-allmhairí, méadú 13 % in TID, i gcomparáid le leibhéil 2019, agus go háirithe ó 2021. Ag tús na tréimhse lena mbaineann, is é sin in 2019 agus 2020, thabhaigh táirgeoirí an Aontais caillteanais thart ar 10 % agus bhí allmhairí fós ar leibhéil níos ísle. Is féidir drochfheidhmíocht eacnamaíoch tháirgeoirí an Aontais a mhíniú leis an gcor chun donais eacnamaíoch ginearálta san Aontas agus go háirithe leis an laghdú mór ar tháirgeadh cruach in 2019 agus le linn thréimhse COVID-19. Tháinig laghdú 6 % ar tháirgeadh amhchruach i gcomparáid le leibhéil 2018 agus tháinig laghdú 8.1 % freisin ar leá cruach dosmálta i gcomparáid le 2018 ([18]). Mar thoradh air sin, tháinig laghdú mór ar phraghsanna an táirge lena mbaineann, rud a d'fhág go raibh caillteanais ann do tháirgeoirí an Aontais ([19]) . Tháinig laghdú 11 phointe céatadáin ar mhéid na n-allmhairí freisin idir 2019 agus 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, i gcomhthráth le laghdú foriomlán ar thomhaltas. Níor tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh mar thoradh ar an laghdú sin ar allmhairí, áfach, ar tháinig méadú beag 2 % air in ainneoin na míshocrachta ginearálta sa mhargadh de dheasca phaindéim COVID-19. Tar éis an téarnaimh eacnamaíoch in 2021, tháinig méadú ar allmhairí go leibhéil arda agus d'fhan siad ar na leibhéil sin d'ainneoin an laghdaithe 19 bpointe céatadáin ar thomhaltas sa TID i gcomparáid le 2021. Sa bhreis ar bhrú méide na n-allmhairí méadaithe, bhí an meánphraghas allmhairiúcháin 17 % go 5 % níos ísle freisin ná praghas díola tháirgeoirí an Aontais ó 2021. Tharla an méadú sin ar allmhairí ar phraghsanna níos ísle ó 2021 i gcomhthráth le caillteanas mór 10 bpointe céatadáin de sciar den mhargadh ag táirgeoirí an Aontais agus leis an treocht anuas leanúnach sa bhrabúsacht ag sroicheadh caillteanas 20 % sa TID.

([18]) Tuarascáil Bhliantúil Eurofer 2020, https://www.eurofer.eu/publications/archive/annual-report-2020 agus Bliainiris Staidrimh maidir le Cruach Dhomhanda 2024, https://worldsteel.org/media/publications/.

([19]) Faisnéis a d'iarr an Coimisiún, arna soláthar ag Euroalliages, an 30 Meitheamh 2025.

(69) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara nach leor an méadú ar allmhairí chun mórdhíobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. Ina ionad sin, d'áitigh siad nach léiríonn na treochtaí allmhairiúcháin sin ach luaineachtaí atá ailínithe leis an téarnamh domhanda tar éis COVID-19.

(70) Tháinig méadú mór tobann ar allmhairí tar éis na paindéime, rud a chuir brú díreach agus indíreach ar tháirgeoirí an Aontais, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh intíre. Ó fheidhmíocht airgeadais tháirgeoirí an Aontais, is léir nach atosú ar shlabhraí soláthair domhanda amháin a bhí i gceist leis an tsaincheist. Ina ionad sin, bhí insreabhadh mór allmhairí isteach i margadh an Aontais, ar leibhéil a bhí níos airde ná na leibhéil a breathnaíodh idir 2016 agus 2019, agus faoi choinníollacha praghais den sórt sin lena ndearnadh praghsanna díola an Aontais a shochtadh, rud a bhain an bonn d'inmharthanacht thionscal an Aontais.

(71) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil nasc cúisíoch díreach idir an méadú ar allmhairí agus an mhórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

8.2. **Tosca aitheanta eile**

(72) Chun a áirithiú nach gcuirtear an mhórdhíobháil i leith tosca seachas allmhairí méadaithe, scrúdaigh an Coimisiún ar chuir tosca eile leis an mórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais agus chun éifeachtaí na dtosca sin a dheighilt agus a idirdhealú ó éifeachtaí na n-allmhairí méadaithe, d'fhonn a shuí gurb ann d'fhíorchaidreamh substaintiúil cúise agus éifeachta.

(73) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil táirgeoirí an Aontais thíos le praghsanna arda fuinnimh laistigh den Aontas seachas le hallmhairí méadaithe. Go deimhin, is iondúil go mbíonn praghsanna fuinnimh níos airde san Aontas ná i gcodanna eile den domhan. Mar sin féin, faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is féidir le monaróirí méaduithe costais ina bpraghsanna díola a léiriú chun brabúis réasúnta a choinneáil ar bun. Chuir leibhéal méadaithe na n-allmhairí cosc ar tháirgeoirí an Aontais a bpraghas díola a mhéadú go leordhóthanach chun an méadú ar phraghas an leictreachais a chumhdach. Mar a thuairiscítear in aithris (61), cuirtear iallach ar tháirgeoirí an Aontais glacadh le téarmaí praghais arna leagan síos ag mórtháirgeoirí domhanda. Mar thoradh air sin, ní fhéadfaidís a bpraghsanna a mhéadú d'ainneoin an mhéadaithe dhosheachanta ar a gcostais mar gheall ar chostais fuinnimh a bhí ag dul i méid. Dá bhrí sin, ní hé an méadú ar chostais ann féin é, ach mar gheall ar na hallmhairí méadaithe, ní féidir le táirgeoir an Aontais na méaduithe costais sin ar a bpraghsanna díola a léiriú go cruinn, rud ba chúis le díobháil.

(74) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar thionchar allmhairí an táirge lena mbaineann ón Úcráin agus tháinig sé ar an gconclúid nár chuir na hallmhairí sin leis an mórdhíobháil a bhí faoi bhreithniú chun na coinníollacha maidir le beart coimirce a chomhlíonadh (comhthreomhaireacht). Rinneadh allmhairí ón Úcráin a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe coimirce seo, mar a tugadh le fios cheana i Roinn 4. In 2019, is é a bhí sna hallmhairí ón Úcráin 21 % d'allmhairí iomlána an Aontais, ach faoi 2024, níor thit siad ach go 4 %. Dá bhrí sin, ní raibh allmhairí ón Úcráin ina gcuid mhór d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nár chuir allmhairí an táirge lena mbaineann ón Úcráin leis an mórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

(75) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais bunaithe ar shonraí na bhfreagraí a fuarthas ar an gceistneoir. Tháinig laghdú 52 % ar onnmhairí le linn na tréimhse lena mbaineann. Nuair a dhéantar measúnú air in aghaidh TID, tá an laghdú níos mó fós, arb é atá ann 72 % ó 2019 i leith. I bhfianaise ró-acmhainneacht dhomhanda agus cumhacht socraithe praghsanna na ngníomhaithe domhanda amhail an tSín agus an India, bhí táirgeoirí an Aontais faoi bhrú freisin ar na margaí onnmhairiúcháin.

(76) Dá dheasca sin, níor shainaithin an Coimisiún aon toisc eile a mhaolódh an nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí agus an mhórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais.

8.3. **Conclúid**

(77) Shuigh an Coimisiún go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais. Mar a leagtar amach thuas, d'fhéadfadh sé gur chuir na praghsanna arda fuinnimh, allmhairí eile agus an fheidhmíocht onnmhairiúcháin leis an mórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais, ach nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch.

9. **LEAS AN AONTAIS**

(78) Rinne an Coimisiún scrúdú breise féachaint an bhfuil cúiseanna láidre ann lena chinneadh nach bhfuil sé chun leas an Aontais beart a ghlacadh mar thoradh ar an imscrúdú sin. Bhí an anailís ar leas an Aontais bunaithe ar luacháil ar na leasanna éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna tháirgeoirí an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(79) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de 7 dtáirgeoir, atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla den Aontas, agus bhí níos mó ná 1 800 duine fostaithe go díreach aige i ndáil leis an táirge lena mbaineann in 2024.

(80) Suíodh go bhfuil tionscal an Aontais thíos le mórdhíobháil arb é is cúis léi méadú ar allmhairí.

(81) Tá fearó-chóimhiotail ríthábhachtach chun cruach agus cóimhiotail ardcháilíochta a úsáidtear i dtionscail na ngluaisteán, an aeraspáis, na tógála agus na leictreonaice a tháirgeadh. Is chun leas an Aontais é tionscal fearó-chóimhiotail iomaíoch agus sláintiúil a bheith ann san Aontas, ag tacú le raon leathan gníomhaíochtaí monaraíochta iartheachtacha, agus táirgiúlacht agus iomaíochas á bhfeabhsú.

(82) Agus leochaileachtaí á gcur i dtábhacht ag suaitheadh sa slabhra soláthair domhanda, áirithítear le tionscal fearó-chóimhiotail inmharthana gur féidir leis an Aontas a aschur tionsclaíoch agus a neamhspleáchas straitéiseach a choinneáil ar bun, fiú le linn éiginnteacht dhomhanda.

(83) Sa chomhthéacs sin, mhaígh roinnt páirtithe leasmhara go mbeadh méadú beagnach cinnte ar phraghsanna amhábhar do mhonaróirí áirithe cruach mar thoradh ar bheart, agus go gcuirfeadh sé teorainn le hinfhaighteacht fearó-chóimhiotal do tháirgeoirí cruach an Aontais. Thairis sin, mhaígh siad go bhféadfadh beart den sórt sin cur isteach ar an slabhra soláthair alúmanaim ar fad san Aontas agus costais táirgthe a mhéadú. Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh imní orthu go bhfuil na foinsí soláthair teoranta cheana féin agus go bhféadfadh ganntanas soláthair a bheith mar thoradh ar an mbeart coimirce atá beartaithe. D'áitigh siad freisin nach bhfuil táirgí ar fáil ó tháirgeoirí de chuid an Aontais nó nach bhfuil fáil leordhóthanach orthu.

(84) Go ginearálta, lorgaíonn úsáideoirí agus allmhaireoirí an praghas is ísle is féidir. Mar sin féin, is chun a leasa féin é freisin tionscal iomaíoch inmharthana de chuid an Aontais a bheith ann, mar fhoinse iontaofa soláthair. Tá bearta coimirce ceaptha chun tionscail intíre a chosaint ar allmhairí méadaithe agus ar an mórdhíobháil a chruthaíonn siad. Tríd an méid sin a dhéanamh, tacaíonn siad le fostaíocht intíre agus cuidíonn siad le tionscail ríthábhachtacha, amhail fearó-chóimhiotail, le brú allmhairiúcháin a sheasamh.

(85) An tráth céanna, is iomchuí a áirithiú go mbeidh fáil leordhóthanach ar fhearó-chóimhiotail d'úsáideoirí. Measann an Coimisiún, le beart coimirce i bhfoirm taraifchuóta sonrach ('TRQ') in aghaidh an chineáil táirge, gur féidir cothromaíocht a aimsiú idir leasanna táirgeoirí agus úsáideoirí, ar thaobh amháin lena dtugtar aghaidh ar an mórdhíobháil arb iad allmhairí méadaithe is cúis léi agus, ar an taobh eile, lena gceadaítear allmhairí substaintiúla chuig an Aontas saor ó dhleacht, lena n-áirithítear iomaíocht éifeachtach idir allmhairí agus táirgeacht an Aontais agus, ar an gcaoi sin, lena maolaítear aon riosca ganntanais. Le dleacht lasmuigh de chuóta ar an leibhéal iomchuí, áiritheofar leibhéil praghsanna ar mhargadh an Aontais a chuirfidh ar chumas thionscal an Aontais dul in iomaíocht le hallmhairí.

(86) Beidh an beart ina chatalaíoch freisin chun cumais táirgthe an Aontais a fhorbairt agus a neartú. Trí dhleacht athraitheach lasmuigh den chuóta a fhorchur, beidh táirgeoirí an Aontais in ann táirgeadh a atosú agus a mhéadú agus a n-iomaíochas a bhaint amach arís. Mar thoradh air sin, beidh tionscal an Aontais níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san fhadtéarma.

(87) Bunaithe ar na breithnithe thuas, agus ar scrúdú cúramach ar na leasanna éagsúla, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil sé chun leas an Aontais an beart coimirce a ghlacadh i bhfoirm taraifchuótaí sonracha de réir chineál an táirge lena gceadaítear méid áirithe allmhairí teacht isteach saor ó dhleacht agus méadú taraife i gcás allmhairí a sháraíonn méideanna na gcuótaí. Bunaítear an dleacht lasmuigh den chuóta faoi threoir na difríochta idir tairseach praghsanna suite agus an praghas allmhairiúcháin iarbhír. Leis an mbeart cothrom sin, d'fhéadfaí fearó-chóimhiotail a allmhairiú isteach san Aontas, rud a ráthódh go leanfadh an soláthar eachtrach de bheith ag tacú le riachtanais an tionscail iartheachtach, agus leibhéil praghsanna inbhuanaithe á n-áirithiú ag an am céanna do thionscal an Aontais.

(88) Tá tábhacht straitéiseach ag baint le táirgeoirí fearó-chóimhiotal an Aontais do chobhsaíocht eacnamaíoch agus d'athléimneacht fhadtéarmach an Aontais. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil an beart coimirce chun leas an Aontais.

10. TÍORTHA ÁIRITHE A EISIAMH Ó RAON FEIDHME AN BHIRT

(89) I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2015/478, agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag an mbeart maidir le haon táirge de thionscnamh comhalta EDT de thír i mbéal forbartha, nó de thionscnamh na hAilgéire, ([20]) fad nach mó ná 3 % sciar allmhairí an táirge sin isteach san Aontas, ar choinníoll nach mó ná 9 % d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann iad comhaltaí EDT de thíortha i mbéal forbartha a bhfuil sciar allmhairiúcháin níos lú ná 3 % acu, i dteannta a chéile.

(90) Mura leagtar amach go sonrach in Iarscríbhinn I iad, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann allmhairí an táirge lena mbaineann, ar de thionscnamh Chomhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad, agus na hAilgéire, na ceanglais chun tairbhe a bhaint as an maolú thuasluaite.

(91) Ina theannta sin, mar a mhínítear freisin i Roinn 4, bunaithe ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ceanglaítear allmhairí ón Úcráin a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an bhirt coimirce. Ghlac an tAontas Rialachán (AE) 2025/1153 ([21]) lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann siad le hallmhairí ón Úcráin. I gcomhréir leis an rialachán sin, agus i gcomhréir le ceanglas na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le comhthreomhaireacht, eisiadh allmhairí ón Úcráin ó raon feidhme an imscrúdaithe coimirce seo ([22]) .

11. OIBLEAGÁIDÍ A EASCRAÍONN AS COMHAONTUITHE DÉTHAOBHACHA ÁIRITHE IDIR AN tAONTAS AGUS TRÍÚ TÍORTHA

(92) D'áirithigh an Coimisiún go bhfuil an beart sin comhoiriúnach le hoibleagáidí an Aontais faoi chomhaontuithe trádála déthaobhacha nó réigiúnacha le tríú tíortha.

(93) Maidir le hallmhairí ón Iorua agus ón Íoslainn (níl aon allmhairí ó Lichtinstéin), leis an mbeart comhlíontar ceanglais Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE). Go háirithe, tá sé deimhnithe ag an gCoimisiún gur dócha go leanfaidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha de chineál earnála ar aghaidh i ndáil le táirgeoirí fearó-chóimhiotail an Aontais.

(94) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún go ndéantar an díobháil eacnamaíoch a shonraítear i Roinn 7 ar tháirgeoirí sonracha fearó-chóimhiotal de chuid an Aontais, agus gur earnáil ar leith iad na táirgeoirí sin de réir bhrí Airteagal 112 de Chomhaontú LEE. Bíonn na táirgeoirí i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha den chineál céanna nó de chineál comhchosúil, is é sin táirgeadh an táirge lena mbaineann. Tá táirgí tháirgeoirí an Aontais ceaptha don chineál céanna tionscail iartheachtach, agus úsáideann siad go léir bealaí díolacháin comhchosúla don táirge lena mbaineann (féach thuas i Roinn 2). Dá bhrí sin, is gníomhaíocht é táirgeadh fearó-chóimhiotal is féidir a cháiliú mar 'earnáil', ionas gur féidir deacrachtaí tromchúiseacha do na táirgeoirí sin a cháiliú mar chineál 'earnálach'.

(95) Ar an dara dul síos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar bhonn na dtáscairí eacnamaíocha agus airgeadais earnáilsonracha a thuairiscítear i Roinn 7, gur bhain mórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais. Cruthaíonn na táscairí céanna na deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha de réir bhrí Airteagal 112 de Chomhaontú LEE sna blianta is déanaí den tréimhse lena mbaineann, i.e. in 2023 agus 2024. Thairis sin, ina mheasúnú rinne an Coimisiún scrúdú freisin ar mhéid agus ar phraghsanna na n-allmhairí ó Stáit CSTE atá ina bpáirtithe i gComhaontú LEE. In 2024, chuir an Iorua agus an Íoslainn 47.4 % d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann isteach san Aontas agus bhí siad ag onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna thart ar an leibhéal céanna le praghsanna tháirgeoirí an Aontais agus ar leibhéal praghsanna níos airde ná allmhairí ó thionscnaimh eile. D'ainneoin go raibh na praghsanna sin níos airde ná praghsanna allmhairí de thionscnaimh eile, chuir siad brú iomaíoch fós ar tháirgeoirí an Aontais a bhí ag díol ar an leibhéal céanna praghsanna, agus dá bhrí sin chuir siad brú praghsanna ar na táirgeoirí sin de chuid an Aontais toisc nach raibh siad in ann a bpraghsanna a ardú go leibhéil leordhóthanacha chun a gcostais a chumhdach.

([20]) 2005/690/CE: Cinneadh ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, IO L 265, 10.10.2005, lgh. 1–1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/690/oj.

([21]) Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairí táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, IO L , 2025/1153, 5.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj.

([22]) Leis an mbeart seo, tugtar an chóir a thugtar do chomhaltaí EDT freisin do chomhaltaí nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad.

(96) Ar an tríú dul síos, ós rud é go raibh na coinníollacha maidir leis na deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha i bhfeidhm ar feadh tréimhse fhada 2 bhliain, agus nach bhfuil aon léiriú ann gur dócha go dtiocfaidh feabhas orthu go luath amach anseo, is dócha go leanfar ar aghaidh leo, agus dá bhrí sin is dócha go leanfaidh na deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha ar aghaidh de réir bhrí Airteagal 112 de Chomhaontú LEE.

(97) Ar an gceathrú dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar an gcineál birt a bheadh fíor-riachtanach chun an cás a leigheas agus an cur isteach is lú ar fheidhmiú Chomhaontú LEE. An tráth céanna, scrúdaigh an Coimisiún freisin cén cineál birt a chuirfeadh ar chumas tháirgeoirí an Aontais iomaíochas a fháil ar ais agus a chur ar a gcumas téarnamh óna gcaillteanais.

(98) Chinn an Coimisiún beart a fhorchur i bhfoirm taraifchuótaí sonracha in aghaidh an chineáil táirge agus méadú taraife lasmuigh den chuóta arna bhunú faoi threoir na difríochta idir an tairseach praghsanna bhunaithe agus an praghas allmhairiúcháin iarbhír mar a mhínítear i Roinn 12 thíos. Chinn an Coimisiún go gcuirfeadh an cineál birt sin ar chumas thionscal an Aontais a sciar den mhargadh agus a iomaíochas a fháil ar ais agus go gceadófaí leanúint d'allmhairí ó Stáit CSTE atá ina bpáirtithe i gComhaontú LEE leis an suaitheadh is lú is féidir. Go sonrach, roghnaíodh an beart ionas go mbeadh tionscal an Aontais in ann sciartha den mhargadh a fháil ar ais gan caillteanais a thabhú agus iarratas a dhéanamh ar feadh tréimhse sách fada a ligfeadh do thionscal an Aontais téarnamh ó na deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha. Díríodh go cúramach ar raon feidhme an bhirt bunaithe ar chritéir oibiachtúla, lena n-áirítear cosúlacht táirgí, inionadaitheacht, agus méid na míshocrachta sa mhargadh, ionas go mbeidh feidhm ag an mbeart maidir le táirge sainithe a raibh a mhéideanna allmhairí agus a phraghsanna ina gcúis leis na deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha. Áirithítear leis sin comhréireacht agus comhlíonadh Chomhaontú LEE lena gceanglaítear go mbeidh géarghá leis an mbeart ó thaobh raon feidhme agus faid de.

(99) Geallann an Coimisiún go ndéanfaidh sé faireachán leanúnach ar fheidhmiú na mbeart coimirce agus go dtionólfaidh sé comhairliúcháin leis an Iorua agus leis an Íoslainn gach 3 mhí d'fhonn an beart a dhíothú roimh an dáta éaga atá beartaithe, nó d'fhonn a raon feidhme a theorannú. Chun bonn eolais a chur faoi na comhairliúcháin sin agus chun breithniú a dhéanamh ag na Ballstáit ar a inmhianaithe atá sé fad nó paraiméadair na mbeart a leasú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an staid ar bhonn rialta, agus breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú a dhéanamh ag deireadh gach bliana a fhorchuirtear na bearta ar a laghad. Ba cheart don Choimisiún, in aon chás, tús a chur leis an gcéad imscrúdú athbhreithnithe tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart.

(100) Agus athbhreithnithe den sórt sin á ndéanamh ag an gCoimisiún, i measc gnéithe eile, ba cheart dó scrúdú a dhéanamh an bhfuil iarmhairtí díobhálacha ann d'úsáideoirí iartheachtacha áirithe, lena n-áirítear i mBallstáit shonracha nó i réigiúin shonracha laistigh den Aontas, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart coimirce. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún a mheas an leor táirgeacht tháirgeoirí an Aontais chun na táirgí lena mbaineann a sholáthar i méideanna nach bhfuil ganntanas ná méadú neamh-inbhuanaithe ar phraghsanna mar thoradh orthu, agus chun coigeartuithe iomchuí ar na bearta a mholadh.

(101) A mhéid a bhaineann le comhaontuithe trádála réigiúnacha nó déthaobhacha eile de chuid an Aontais le tríú tíortha, agus mar a leagtar amach a thuilleadh i Roinn 12 thíos, chinn an Coimisiún beart a fhorchur i bhfoirm taraifchuótaí sonracha in aghaidh an chineáil táirge, mar aon le méadú ar an taraif is infheidhme maidir le hallmhairí lasmuigh den chuóta. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb é glacadh birt den sórt sin an beart is lú suaitheadh chun leanúint den trádáil dhéthaobhach le comhpháirtithe saorthrádála uile an Aontais.

(102) Thairis sin, i gcás nach gceadaítear go huathoibríoch leis na comhaontuithe réigiúnacha nó déthaobhacha sin beart coimirce a fhorchur ar théarmaí Chomhaontú EDT, braitheann an tAontas ar fhorálacha atá sna comhaontuithe sin lena gceadaítear beart coimirce. D'áirithigh an Coimisiún go dtugtar faoin oibleagáid a chomhpháirtithe sa chomhaontú saorthrádála a chur ar an eolas go cuí i gcomhréir leis an gcomhaontú déthaobhach is infheidhme.

(103) I ndáil leis sin, tugtar faoi deara, i bhfianaise raon feidhme agus chonclúidí an imscrúdaithe, go bhfuil suaitheadh tromchúiseach san earnáil fearó-chóimhiotal, agus dá bhrí sin go bhfuil údar le bearta coimirce freisin faoi Airteagal 26 den Chomhaontú a tugadh i gcrích idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise in 1972 ([23]), faoi Airteagal 26 den chomhaontú saorthrádála le hOileáin Fharó ([24]), faoi Airteagal 60 den Phrótacal Breise a síníodh an 23 Samhain 1970, atá i gceangal leis an gComhaontú lena mbunaítear an Comhlachas idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc ([25]), agus faoi na Comhaontuithe Comhlachais le Maracó ([26]) , an Túinéis ([27]), an Iordáin ([28]), Iosrael ([29]) agus an Phalaistín ([30]) agus faoin gcomhaontú um Chomhar agus um Aontas Custaim le San Mairíne ([31]) agus faoin gComhaontú Comhair le Poblacht Arabach na Siria ([32]). Ar na forais chéanna, agus sa bhreis air sin gur chuir allmhairí déthaobhacha, mar chuid de na hallmhairí uile, leis an suaitheadh tromchúiseach san earnáil, ceadaítear bearta coimirce ar an gcaoi chéanna faoi Airteagal 15 den Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar atá i bhfeidhm faoi láthair le Meicsiceo ([33]) . Ar deireadh, fuarthas gur tháinig méadú ar allmhairí ón Macadóin Thuaidh isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi imscrúdú agus gur chuir siad leis an mórdhíobháil a bhain do thionscal fearó-chóimhiotal an Aontais. Dá bhrí sin, comhlíonann na hallmhairí sin na coinníollacha is gá chun bearta cosanta a ghlacadh de bhun Airteagal 37(1) den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a tugadh i gcrích idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, agus Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine ([34]).

12. **CONCLÚIDÍ AGUS GLACADH AN BHIRT**

12.1. **Beart a ghlacadh**

(104) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil mórdhíobháil á déanamh do tháirgeoirí fearó-chóimhiotal an Aontais arb é is cúis léi allmhairí méadaithe i ndáil le fearó-chóimhiotail agus gur chun leas an Aontais é beart coimirce iomchuí a ghlacadh chun méadú breise ar allmhairí agus meath breise ar staid tháirgeoirí an Aontais a sheachaint.

12.2. **Foirm agus leibhéal an bhirt**

12.2.1. *Taraifchuóta de réir an chineáil táirge*

(105) Chun foirm iomchuí an bhirt a roghnú, bhreithnigh an Coimisiún na heilimintí seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, mórdhíobháil a bheith ann do tháirgeoirí an Aontais. Ar an dara dul síos, is inmhianaithe gur gá do tháirgeoirí an Aontais an t-iomaíochas a athbhunú, agus rogha oiriúnach foinsí soláthair atá ar fáil san Aontas á coinneáil acu, agus éifeacht chalabraithe ar allmhairí agus ar phraghsanna.

([23]) Airteagal 26 den Chomhaontú a tugadh i gcrích idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise in 1972, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1972/2840/oj.

([24]) Airteagal 26 den chomhaontú saorthrádála le hOileáin Fharó, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1997/126/2021-09-01.

([25]) Airteagal 60 den Phrótacal Breise a síníodh an 23 Samhain 1970, Comhaontú lena mbunaítear an Comhlachas idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/1972/2760(1)/oj.

([26]) Airteagal 25 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/204/oj.

([27]) Airteagal 25 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Túinéise, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1998/238/2025-01-22.

([28]) Airteagal 24 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2002/357(1)/01/09/2021.

([29]) Airteagal 23 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2000/384/2013-07-01.

([30]) Airteagal 21 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1997/430/2021-09-01.

([31]) Airteagal 12 den Chomhaontú um Chomhar agus Aontas Custaim le San Mairíne, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2002/245/2008-02-01.

([32]) Airteagal 32 den Chomhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Arabach na Siria, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1978/2216/1994-03-01.

([33]) Airteagal 15 den Chomhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar atá i bhfeidhm faoi láthair le Meicsiceo, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/415/2021-01-01.

([34]) Airteagal 37 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a tugadh i gcrích idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, agus Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/239(2)/09/09/2021.

(106) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún, mar a luaitear in aithris (87), gurb é taraifchuóta sonrach in aghaidh an chineáil táirge, in éineacht le dleacht athraitheach lasmuigh den chuóta, an cineál birt is éifeachtaí chun leasanna éagsúla a chothromú.

(107) De réir Airteagal 15(3) de Rialachán 2015/478, socrófar, i bprionsabal, aon chuóta ar mheánleibhéal na n-allmhairí le trí bliana ionadaíocha anuas.

(108) Tá feidhm ag an bhforáil seo, áfach, maidir le srianta cainníochtúla, i.e. beart i bhfoirm cuóta. Mar a dheimhnítear leis an dlí-eolaíocht ([35]) ábhartha, ní srian cainníochtúil é taraifchuóta faoi Chomhaontú EDT maidir le Coimircí, agus dá bhrí sin níl bunú leibhéal taraifchuóta faoi cheangal ag an Airteagal sin.

(109) Chun cosaint éifeachtach tháirgeoirí an Aontais a áirithiú agus chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht téarnamh agus dul in iomaíocht le hallmhairí, measann an Coimisiún gur gá leibhéil na gcuótaí a shocrú 25 % faoi bhun mheánleibhéal na n-allmhairí in 2022, 2023 agus 2024.

(110) Ríomhtar an figiúr sin trí sciar den mhargadh inbhuanaithe (30-40 %) a bhunú a chuirfeadh ar chumas thionscal an Aontais téarnamh ón staid dhíobhálach, agus foinsí leordhóthanacha soláthair a choinneáil ar bun le haghaidh úsáideoirí iartheachtacha ag an am céanna.

12.2.2. *Dleacht athraitheach lasmuigh den chuóta*

(111) Ba cheart an dleacht lasmuigh den chuóta a bheith ina dleacht athraitheach i bhfoirm méadú taraife faoi threoir na difríochta idir an tairseach praghsanna bhunaithe agus an praghas allmhairiúcháin iarbhír. Ní bheadh aon dleacht bhreise iníoctha dá ndéanfaí allmhairí ar leibhéal na tairsí praghais nó os cionn na tairsí sin. Mar sin féin, má dhéantar allmhairí ar phraghas faoi bhun na tairsí bunaithe, ba cheart an dleacht a bheith cothrom leis an difríocht idir an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais agus an tairseach praghsanna bhunaithe in aghaidh an chineáil táirge.

(112) Bunaítear an tairseach praghsanna trí thagairt a dhéanamh do phraghas neamhdhíobhálach le haghaidh allmhairí fearó-chóimhiotail. Tar éis imscrúdú mionsonraithe, lena n-áirítear anailís chuimsitheach ar dhíobháil, anailís chúisíochta, agus measúnú ar leasanna an Aontais, chinn an Coimisiún an leibhéal praghsanna neamhdhíobhála trí mheastóireacht a dhéanamh ar leibhéil reatha na bpraghsanna díola le haghaidh gach cineál táirge. Ghlac an Coimisiún costas na ndíolachán intíre le custaiméirí neamhghaolmhara in aghaidh an chineáil táirge mar bhonn agus chuir sé costais chomhlíontachta, infheistíochtaí agus spriocbhrabús leis.

(113) Maidir le costais chomhlíontachta, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a bheidh ann amach anseo chun comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ('CTA AE') a áirithiú, ar bunchloch é de bheartas an Aontais chun Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha a chomhlíonadh. Ríomhadh na costais bhreise sin ar bhonn phraghas measta Lamháltais an Aontais a bheidh ar thionscal an Aontais a cheannach. Cuireadh san áireamh sna costais bhreise freisin costais indíreacha CO_2 a eascraíonn as méadú ar phraghsanna leictreachais le linn na tréimhse céanna.

(114) Thairis sin, rinne an Coimisiún measúnú ar na hinfheistíochtaí, ar thaighde agus forbairt (T & F) agus ar an nuálaíocht, chomh maith le leibhéal na brabúsachta a bhfuiltear ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta.

(115) Agus an tairseach praghsanna á bunú, bhreithnigh an Coimisiún leibhéal na brabúsachta ar féidir coinne a bheith léi faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus chun caillteanais fhadtéarmacha a chumhdach, chun acmhainneacht infheistíochta a athbhunú agus chun oibleagáidí rialála amach anseo a chomhlíonadh. Tá an glanchorrlach brabúis don chineál sin tionscail atá dian ar chaipiteal thart ar 12.45 % ag brath ar thosca amhail an cineál cóimhiotail a tháirgtear, conarthaí fuinnimh, agus éifeachtúlacht táirgthe ([36]).

12.2.3. *Bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais is infheidhme*

(116) Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh éifeacht níos mó ná mar is inmhianaithe a bheith mar thoradh ar charnadh beart frithdhumpála/frith-fhóirdheontais le coimircí.

([35]) Tuarascáil ó Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT, SAM- Píobán Líne, WT/DS202, mír 235.

([36]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1811 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sileacain chailciam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 366, 15.10.2021, lgh. 17–61, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1811/oj.

(117) Meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil sé d'aidhm ag bearta dleachta frithdhumpála agus frithchúitimh margadh an Aontais a dhúnadh ach cleachtais trádála dhíobhálacha a leigheas. Dá réir sin, tá na bearta sin dírithe ar chásanna tírshonracha dumpála agus fóirdheonaithe, tá raon feidhme agus cuspóir éagsúil acu ná an beart coimirce a fhorchuirtear leis an Rialachán seo, agus níl siad comheisiatach ar a chéile.

(118) Chun forchur 'leigheasanna dúbailte' a sheachaint, aon uair a shárófar an taraifchuóta, cuirfear leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh atá ann cheana ar fionraí nó laghdófar é chun a áirithiú nach sáróidh éifeacht chomhcheangailte na mbeart sin an leibhéal is airde de na dleachtanna coimirce nó frithdhumpála/frithchúitimh atá i bhfeidhm.

(119) Chun an tairseach praghsanna thuas atá beartaithe a chur i gcomparáid le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh, déanfaidh an Coimisiún í a chainníochtú mar dhleacht ad-valorem.

(120) Baineann sé sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/909 ([37]) ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála ar allmhairí fearósileacain. Ba cheart an dleacht frithdhumpála a bheith infheidhme ón gcéad tona go dtí go n-ídeofar na taraifchuótaí le haghaidh fearósileacain agus go dtiocfaidh an tairseach praghsanna a shonraítear sa rialachán seo chun bheith infheidhme maidir leis na méideanna lasmuigh de na cuótaí.

12.3. **Riar na dtaraifchuótaí**

(121) Bunaithe ar bhreithnithe a bhaineann le leas an Aontais agus chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as méideanna na dtaraifchuótaí, mheas an Coimisiún gur cheart iad a leithdháileadh, ar thaobh amháin, ar chuótaí tírshonracha i gcás tíortha a bhfuil leas substaintiúil acu i soláthar an chineáil táirge shonraigh lena mbaineann agus, ar an taobh eile, ar gach tionscnamh eile.

(122) Chun críche an Rialacháin seo, meastar go bhfuil leas mór soláthair ag tíortha a bhfuil sciar níos mó ná 5 % d'allmhairí acu le 3 bliana anuas don chineál táirge lena mbaineann. Ba cheart taraifchuóta iarmharach ('an cuóta iarmharach') bunaithe ar mheán na n-allmhairí atá fágtha le 3 bliana anuas a leithdháileadh ar gach tír soláthair eile. Ba cheart an cuóta iarmharach a líonadh bunaithe ar ord croineolaíoch na ndátaí ar a nglactar le dearbhuithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([38]). Éilíonn an modh riaracháin sin dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

(123) Tá incháilitheacht earraí allmhairithe ó thíortha i mbéal forbartha atá le heisiamh ó na taraifchuótaí ag brath ar thionscnamh na n-earraí. Ba cheart, dá bhrí sin, na critéir chun tionscnamh neamhfhabhrach a chinneadh atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas a chur i bhfeidhm.

12.4. **Fad ama**

(124) Measann an Coimisiún gur cheart an beart a bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana, a rachaidh in éag an 17 Samhain 2028.

(125) Ós rud é go maireann an beart níos faide ná bliain amháin, ní mór an beart a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm. Measann an Coimisiún gurb é an bealach is iomchuí chun an beart a léirscaoileadh leibhéal an chuóta saor ó dhleacht a mhéadú 0,1 % tar éis gach bliana. Déanfar an chéad léirscaoileadh an 18 Samhain 2026, agus beidh an dara léirscaoileadh ar siúl an 18 Samhain 2027.

([37]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/909 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fearósileacain de thionscnamh na Rúise agus Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 208, 1.7.2020, lch. 2–42, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/909/oj.

([38]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj.

13. **BREITHNITHE DEIRIDH**

(126) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán 2024/2509, ([39]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(127) I bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo, lena n-áirítear struchtúr thionscal an Aontais agus castacht shubstaintiúil an imscrúdaithe agus an mheasúnaithe ar leas an Aontais araon, bhí gá le scrúdú cuimsitheach eacnamaíoch agus dlíthiúil. Is ionann na heilimintí agus forais eisceachtúla láidre lena n-éilítear breithnithe práinne a chur i bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin údar a thabhairt le teacht i bhfeidhm ar dháta an fhoilsithe. Chun feidhmiú éifeachtach na mbeart coimirce a áirithiú agus chun forálacha Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2015/755 a chomhlíonadh, ba cheart don Choimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tráth nach déanaí ná an 18 Samhain, agus ba cheart feidhm a bheith ag na bearta láithreach tráth a bhfoilsithe.

(128) Tá an beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí arna bhunú faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Faoi réir Airteagal 5, osclaítear taraifchuótaí sonracha leis seo i ndáil le fearó-chóimhiotail a thagann faoi chóid AC (7202 11, 7202 19, 7202 21, 7202 29, 7202 30, 7202 99 30) (Iarscríbhinn II) a allmhairiú isteach san Aontas ar feadh tréimhse 3 bliana.

2. Déantar cuid de na taraifchuótaí a leithdháileadh ar na tíortha a shonraítear in Iarscríbhinn III, déantar cuid eile a leithdháileadh ar thíortha eile, agus ar feadh na dtréimhsí a shonraítear in Iarscríbhinn III.

3. I gcás ina mbeidh na taraifchuótaí ábhartha ídithe nó i gcás nach mbainfidh allmhairithe de na cineálacha táirgí tairbhe as an taraifchuóta ábhartha, is éard a bheidh i ndleacht athraitheach lasmuigh den chuóta is infheidhme maidir leis na táirgí a liostaítear in Airteagal 1.1 an difríocht idir an tairseach praghsanna bhunaithe a liostaítear in Iarscríbhinn II agus an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, más ísle an dleacht sin ná an chéad cheann. Ní bhaileofar aon dleacht i gcás ina bhfuil an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais cothrom leis an tairseach praghsanna bunaithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, nó níos airde ná an tairseach sin.

4. Stadfar de tharraingtí gach cuóta ráithiúil ar an bhfichiú lá oibre de chuid an Choimisiúin tar éis dheireadh na tréimhse ráithiúla. Ag deireadh gach ráithe, ní aistreofar iarmhéideanna na dtaraifchuótaí nár úsáideadh go dtí an chéad ráithe eile. Ní aistreofar na hiarmhéideanna nár úsáideadh ag deireadh na ráithe deireanaí de gach bliain de chur i bhfeidhm na dtaraifchuótaí cinntitheacha.

5. Beidh na dleachtanna frithdhumpála/frithchúitimh ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II infheidhme go dtí go sárófar na taraif-chuótaí ábhartha agus go dtiocfaidh an beart coimirce chun bheith infheidhme.

([39]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

Airteagal 2

1. Cinnfear tionscnamh aon táirge a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm san Aontas maidir le tionscnamh neamhfhabhrach.

2. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 3

Allmhairí na gcineálacha táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1.1, atá ar a mbealach chuig an Aontas cheana féin ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, nach féidir a gceann scríbe a athrú, ní bheidh siad faoi réir na tairsí praghsanna a shonraítear in Iarscríbhinn II, agus féadfar iad a chur i saorchúrsaíocht.

Airteagal 4

Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo.

Airteagal 5

I gcás an táirge lena mbaineann, sonraítear in Iarscríbhinn I na tíortha tionscnaimh i mbéal forbartha a bheidh faoi réir an bhirt a leagtar amach in Airteagal 1.

Airteagal 6

Ní bheidh allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Céinia agus na hÚcráine faoi réir an bhirt a leagtar amach in Airteagal 1.

Airteagal 7

Le linn na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 1.1, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na bearta i gcás ina dtagann athrú ar imthosca, amhail infhaighteacht neamhleor fearó-chóimhiotal nó méaduithe neamh-inbhuanaithe ar phraghsanna d'úsáideoirí iartheachtacha áirithe, agus in aon chás tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart.

Airteagal 8

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Samhain 2025

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

I.1 — **Liosta de thíortha i mbéal forbartha, de chomhaltaí EDT, agus an Ailgéir**

An Afganastáin, an Albáin, an Ailgéir, Angóla, Antigua agus Barbúda, an Airgintín, an Airméin, Bairéin, an Bhanglaidéis, Barbadós, an Bheilís, Beinin, an Bholaiv, an Bhotsuáin, an Bhrasaíl, Brúiné Darasalám, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Cabo Verde, an Chambóid, Camarún, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, an tSile, an tSín, an Cholóim, an Congó, Cósta Ríce, an Cósta Eabhair, Cúba, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Djibouti, Doiminice, an Phoblacht Dhoiminiceach, Eacuadór, an Éigipt, an tSalvadóir, Eswatini, Fidsí, an Ghabúin, an Ghaimbia, an tSeoirsia, Gána, Greanáda, Guatamala, Guine Bissau, an Ghuáin, Háití, Hondúras, Hong Cong, an India, an Indinéis, Iamáice, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chéinia, Cuáit, Poblacht na Cirgise, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, Leosóta, Macao, Madagascar, an Mhaláiv, an Mhalaeisia, Oileáin Mhaildíve, Mailí, an Mháratáin, Oileán Mhuirís, Meicsiceo, an Mholdóiv, an Mhongóil, Montainéagró, Maracó, Mósaimbíc, Maenmar, an Namaib, Neipeal, Nicearagua, an Nigéir, an Mhacadóin Thuaidh, Óman, an Phacastáin, Panama, Nua-Ghuine Phapua, Paragua, Peiriú, na hOileáin Fhilipíneacha, Catar, Ruanda, San Críostóir-Nimheas, Saint Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, Samó, an Araib Shádach, an tSeineagáil, na Séiséil, Siarra Leon, Oileáin Sholomón, an Afraic Theas, Srí Lanca, Suranam, an Táidsíceastáin, an Téalainn, Tóga, Tonga, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Túinéis, an Tuirc, Uganda, an Úcráin, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Uragua, Vanuatú, Veiniséala, Vítneam, Éimin, an tSaimbia, an tSiombáib.

I.2 **Liosta de chineálacha táirgí de thionscnamh tíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta cinntitheacha maidir leo**

Liosta de chineálacha táirgí de thionscnamh tíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta cinntitheacha maidir leo

Tír/Grúpa táirge	Fearómangainéis	Fearósileacain	Fearó-shileacónmhaignéisiam	Fearó-shileacómangainéis
an Bhrasaíl		X	X	
an tSín		X	X	
an tSeoirsia		X		X
an India	X	X	X	X
an Mhalaeisia	X	X		
an Afraic Theas	X	X		X
an Téalainn		X	X	
an tSaimbia		X		X
Gach tír eile i mbéal forbartha		X		

IARSCRÍBHINN II

Tairseach praghsanna is infheidhme maidir leis an méadú taraife

Uimhir Tháirge	Cineál táirge	Cóid CC / AC	Tairseach phraghais (€/tona)
1	Fearómangainéis	7202 11, 7202 19	1 316
2	Fearósileacain	7202 21, 7202 29	2 408
3	Fearó-shileacómangainéis	7202 30	1 392
4	Fearó-shileacónmhaignéisiam	7202 99 30	3 647

IARSCRÍBHINN III

Méideanna na dtaraifchuótaí

Cineál táirge	Cóid CC agus AC	Leithdháileadh de réir tíre (i gcás inarb infheidhme)	Bliain 1				Bliain 2				Bliain 3				Tairseach phraghais	Uimhreacha ordaithe
			Ón 18.11.2025 go dtí an 17.2.2026	Ón 18.2.2026 go dtí an 17.5.2026	Ón 18.5.2026 go dtí an 17.8.2026	Ón 18.8.2026 go dtí an 17.11.2026	Ón 18.11.2026 go dtí an 17.2.2027	Ón 18.2.2027 go dtí an 17.5.2027	Ón 18.5.2027 go dtí an 17.8.2027	Ón 18.8.2027 go dtí an 17.11.2027	Ón 18.11.2027 go dtí an 17.2.2028	Ón 18.2.2028 go dtí an 17.5.2028	Ón 18.5.2028 go dtí an 17.8.2028	Ón 18.8.2028 go dtí an 17.11.2028		
			Méid an taraif-chuóta (glantonaí)				Méid an taraif-chuóta (glantonaí)				Méid an taraif-chuóta (glantonaí)					
Fearómangain-éis	7202 11, 7202 19	an Iorua	28 972,70.	28 027,93.	28 972,70.	28 972,70.	29 001,67.	28 055,96.	29 001,67.	29 001,67.	28 951,35.	28 321,98.	28 951,35.	28 951,35.	Féach Iarscríbhinn II	09.8810
		an India	17 625,79.	17 051,04.	17 625,79.	17 625,79.	17 643,42.	17 068,09	17 643,42.	17 643,42.	17 612,81.	17 229,92.	17 612,81.	17 612,81.	Féach Iarscríbhinn II	09.8815
		an Afraic Theas	8 272,87.	8 003,10.	8 272,87.	8 272,87.	8 281,14.	8 011,10.	8 281,14.	8 281,14.	8 266,77.	8 087,06.	8 266,77.	8 266,77.	Féach Iarscríbhinn II	09.8818
		an Mhalaeisia	6 765,92.	6 545,29.	6 765,92.	6 765,92.	6 772,68.	6 551,83.	6 772,68.	6 772,68.	6 760,93.	6 613,95.	6 760,93.	6 760,93.	Féach Iarscríbhinn II	09.8819
		An Chóiré (Poblacht na Cóiré)	4 832,82.	4 675,23.	4 832,82.	4 832,82.	4 837,65.	4 679,90.	4 837,65.	4 837,65.	4 829,26.	4 724,28.	4 829,26.	4 829,26.	Féach Iarscríbhinn II	09.8820
		Tíortha eile	5 557,54.	5 376,31	5 557,54	5 557,54	5 563,09	5 381,69	5 563,09	5 563,09	5 553,44	5 432,71	5 553,44	5 553,44	Féach Iarscríbhinn II	09.8665
Fearósileacain	7202 21, 7202 29	an Iorua	35 136,16	33 990,41	35 136,16	35 136,16	35 171,30	34 024,41	35 171,30	35 171,30	35 110,27	34 347,01	35 110,27	35 110,27	Féach Iarscríbhinn II	09.8840
		an Íoslainn	13 373,32	12 937,24	13 373,32	13 373,32	13 386,70	12 950,18	13 386,70	13 386,70	13 363,47	13 072,96	13 363,47	13 363,47	Féach Iarscríbhinn II	09.8845
		an Chasacstáin	8 090,25	7 826,44	8 090,25	8 090,25	8 098,34	7 834,27	8 098,34	8 098,34	8 084,29	7 908,55	8 084,29	8 084,29	Féach Iarscríbhinn II	09.8854
		an Bhrasaíl	6 316,02	6 110,06	6 316,02	6 316,02	6 322,34	6 116,17	6 322,34	6 322,34	6 311,37	6 174,16	6 311,37	6 311,37	Féach Iarscríbhinn II	09.8898
		Tíortha eile	24 984,27	24 169,56	24 984,27	24 984,27	25 009,25	24 193,73	25 009,25	25 009,25	24 965,86	24 423,13	24 965,86	24 965,86	Féach Iarscríbhinn II	09.8666

Cineál táirge	Cóid CC agus AC	Leithdháileadh de réir tíre (i gcás inarb infheidhme)	Bliain 1				Bliain 2				Bliain 3				Tairseach phraghais	Uimhreacha ordaithe
			Ón 18.11.2025 go dtí an 17.2.2026	Ón 18.2.2026 go dtí an 17.5.2026	Ón 18.5.2026 go dtí an 17.8.2026	Ón 18.8.2026 go dtí an 17.11.2026	Ón 18.11.2026 go dtí an 17.2.2027	Ón 18.2.2027 go dtí an 17.5.2027	Ón 18.5.2027 go dtí an 17.8.2027	Ón 18.8.2027 go dtí an 17.11.2027	Ón 18.11.2027 go dtí an 17.2.2028	Ón 18.2.2028 go dtí an 17.5.2028	Ón 18.5.2028 go dtí an 17.8.2028	Ón 18.8.2028 go dtí an 17.11.2028		
			Méid an taraif-chuóta (glantonaí)				Méid an taraif-chuóta (glantonaí)				Méid an taraif-chuóta (glantonaí)					
Fearóshileacónmhaignéisiam	7202 99 30	an tSín	468,90	453,61	468,90	468,90	469,37	454,07	469,37	469,37	468,56	458,37	468,56	468,56	Féach Iarscríbhinn II	09.8860
		an Bhrasaíl	99,81	96,55	99,81	99,81	99,91	96,65	99,91	99,91	99,73	97,56	99,73	99,73	Féach Iarscríbhinn II	09.8701
		an India	78,90	76,33	78,90	78,90	78,98	76,40	78,98	78,98	78,84	77,13	78,84	78,84	Féach Iarscríbhinn II	09.8702
		an Téalainn	76,83	74,32	76,83	76,83	76,91	74,40	76,91	76,91	76,77	75,10	76,77	76,77	Féach Iarscríbhinn II	09.8703
		Tíortha eile	18,89	18,28	18,89	18,89	18,91	18,30	18,91	18,91	18,88	18,47	18,88	18,88	Féach Iarscríbhinn II	09.8663
Fearóshileacómangainéis	7202 30	an Iorua	37 067,71	35 858,98	37 067,71	37 067,71	37 104,78	35 894,84	37 104,78	37 104,78	37 040,40	36 235,18	37 040,40	37 040,40	Féach Iarscríbhinn II	09.8888
		an India	31 958,61	30 916,48	31 958,61	31 958,61	31 990,57	30 947,40	31 990,57	31 990,57	31 935,07	31 240,83	31 935,07	31 935,07	Féach Iarscríbhinn II	09.8704
		an tSaimbia	7 882,49	7 625,45	7 882,49	7 882,49	7 890,37	7 633,08	7 890,37	7 890,37	7 876,68	7 705,45	7 876,68	7 876,68	Féach Iarscríbhinn II	09.8890
		Tíortha eile	18 955,56	18 337,44	18 955,56	18 955,56	18 974,51	18 355,78	18 974,51	18 974,51	18 941,59	18 529,82	18 941,59	18 941,59	Féach Iarscríbhinn II	09.8664